

Iarratas ar TAIN

Uimhir Aitheantais Ghníomhaire Cánach / Uimhir Aitheantais Comhairleora Cánach



Ainm do chleachtas comhairleach

Seoladh do chleachtas comhairleach
(Eircode san áireamh)

Do UPSP

nó

Uimhir Cláraithe Cánach do chleachtas comhairleach, más éagsúil

Ríomhphoist

Uimhir fóin

An cháil ina ndéanann tú ionadaíocht le haghaidh do chliant (cuir isteach):

Cuntasóir

Dlíodóir

Leabharchoimeádaí

Idirghabhálaí an IOSS (Siopa Ionaid Uile-Ghnó Iompórtála) Tabhair do d'aire: Ní mór áit bhunaithe a bheith agat in Éirinn chun clárú in Éirinn mar idirghabhálaí don IOSS.

Ní mór duit Foirm um Fhógra i leith Nasc Gníomhaire a chomhlánú le haghaidh ceann amháin de do chliant agus í a thíolacadh leis an iarratas seo. Tá an fhoirm ar fáil ar:

www.revenue.ie/ga/starting-a-business/documents/agent-link-notification-form.pdf

Mura bhfuil do chliant ach ÍMAT amháin, ní mór duit Foirm Údaraithe ÍMAT A1 nó Foirm Údaraithe ÍMAT A2 a chomhlánú agus a thíolacadh ina áit. An phríomhdhifriocht idir an ÍMAT A1 agus an ÍMAT A2 ná go dtugann an ÍMAT A2 údarú don ghníomhaire aisíocaíochtaí chánach a fháil go díreach ar son a chliant (ÍMAT amháin).

Tá na foirmeacha seo ar fáil ar:

www.revenue.ie/ga/starting-a-business/documents/authorisation-form-payee-a1.pdf

www.revenue.ie/ga/starting-a-business/documents/authorisation-form-payee-a2.pdf

Má tá tú ag comhlánú Foirm Údaraithe ÍMAT A2 le haghaidh ceann amháin de do chliant, soláthraigh na sonraí cuntais bainc ina n-íocfar aon aisíocaíochtaí ÍMAT le do thoil:

Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (UICB) (Uasmhéid 34 carachtar)

Cód Aitheantais Bainc (CAB) (Uasmhéid 11 carachtar)

Ainm Shealbhóir an Chuntais

Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha agam cruinn ar gach slí.

Deimhním go bhfuil an **Lámhleabhar Cánach agus Dleachta 37-00-04b**, léite agam agus go gcloífidh mé leis na Treoirínte do Ghníomhairí nó do Chomhairleoirí a fheidhmíonn thar ceann cáinócóirí.

Síniú

Dáta

Tabhair do d'aire: Cláraítear TAIN faoi dhiscreíd na gCoimisinéirí Ioncaim agus féadtar iad a tharraingt siar ag aon am.

Tíolaic an t-iarratas seo chuig:

An Chlár Náisiúnta TAIN, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, P.O. Bosca 1, Loch Garman

Ríomhphost: nationaltainregister@revenue.ie

Tabhair do d'aire, maidir le sonraí pearsanta agus íogaire ar bith a sheoltar mar ghnáth-théacs trí ríomhphost caighdeánach, nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim ráthaíocht a thabhairt go bhfuil siad go hiomlán slán. Má roghnaíonn custaiméirí áirithe an bealach seo a úsáid, meastar go nglacann siad le riosca ar bith atá i gceist. I measc na modhanna teagmhála eile a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil, tá an post caighdeánach agus an rogha clárú le haghaidh ár seirbhís criptithe M'Fhiosruithe atá ar fáil in **mochúrsaí** agus ROS. Féadtar clárú le haghaidh **mochúrsaí** nó ROS ar **www.revenue.ie**.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.